**Anthony Haughey**

Taispeántas
Ealaíontóra Chonaithigh
Deich mBliana na gCuimhneachán

Feabhra – Meitheamh 2024

# is muid údair ár scéalta féin

Emeline Ceit O'Duffy / Róisín O'Dwyer / Caoímhe O'Dwyer / Darla Oglesby / Elizabeth Ogwude / Michelle Okonkwo / Obiageli Onuoha / Eva O'Halloran / Rachel O'Halloran / Sophia O'Halloran / Tomás Ó Hallúráin / Adham O'Keeno / Aisling O'Loughlin / Emily O'Loughlin / Ethan Ó Muirí / Aimee O'Neill / Róisín Organ / Sarah O'Sullivan / JoJo O'Sullivan Irwin / Kevin Owens / Ramlah Petlane / Rita Petlane / Siobhan Pierce / Sophie Pierce / Brooklyn Poinse / Asela Porras-Herrero / Aine Porter / Sarah Porter / Nicole Preece / Jakub Prusakowski / Ying Qi Tang / Mike Quinn / Aisling Quirke / Saliha Rawa / Hazel Reddington / Sally Reen / Brandon Reilly / Milly Rich / Kieran Richardson / Jessica Robb / Aoibhín Roberts / Abbey Robertson / Eve Robinson / Aoife Roche / Caitlín Rosach / Megan Rose / Lorna Rowley / Aisha Rozkaine / Caoimhe Rush / Agnieszka Ryan / Laura Ryan / Luke Ryan / Vita Ryan / Shahid Safi / Shazaib Safi / Elizabet Sanch / Ines Santarelo-Sanz / Lynn Scarff / Isabella Scott / Daniel Scully / Derek Scully / Emmie Scully / Abddi Shakiwr / Asdi Shakiwr / Abdi Shakuur / Fatma Shariff / Mohamed Shariff / Megan Sharkey / Saoirse Sharkey / David Sherry / Rohullah Shinwar / Gregory Sholette / Joe Shortt / Sargun Singh / Kate Singleton / Jenny Slater / Ciara Slattery-Wright / Evan Smith / Ruby Smith / Shaista Sosrowardoyo / Jessi Spikowska / Patricia Spokes / Hazel Stackpole / Michael Stafford / Zacheu Stefan / Aoibhe Stevens / Sophie Stewart / Emily Still-Parsons / Gemma Strain / Rebecca Strain / Pui Sum Samn / Angeline Sweeney / Beth Sweeney / Geraldine Sweeney / Joseph Sweeney / Peter Sweeney / Terry Tedstone / Han Tiernan / Geraldine Timlin / Niamh Twomey / Kacper Ufniarz / Lilliam Ugbesia / Ify Ugwueru / Chalotte Ukuta / Akunma Velyn Uzoma / Julie Uzoma / Uche Uzoma / Kamsi Uzoma / Deimante Vaicekausaite / Harry Valentine / Natalia Vega / Emelia Velma / Tahïana Vitry / Abdullah Wakili / Lee Wall / Lilly Wall / Valentina Walsh Maguire / Robyn Walsh / Shannon Ward / Alex Ward / Suzanne Waring / Aoife Warrell / Rónán Whelan / Coleen Whitson / Audrey Whitty / Derek Williams / Sinead Withrington / Gavin Woodruff / Natalie Yakimets / Gloria Zaremba / Zuzanna Zderkiewicz

AAEX Creative Spark Dundalk / Aosóg Child and Family Project, Dublin / Artlink Fort Dunree, Donegal / Bradóg Youth Services, Dublin / Castletroy College, Limerick / City of Dublin Education and Training Board Youth Services / Children and Youth Action Group, Dublin / Coláiste Feirste, Belfast / Create National Development Agency for Collaborative Arts / DCU Language Services / Dublin Neon / Rewind<< Fastforward>>Record (RFR) / Foróige Ballina / Foróige Buncrana / Foróige Desertegney / Foróige Drumfries / Genealogy Group, National Museum of Ireland – Country Life / Lynn Services, Dundalk / Neds Point Swimmers / Nwanne Diuto Women's Group / The Office of Public Works / Oldbawn Community School, Tallaght, Dublin / Picture Bloc, Dublin / Pixalili Donegal / Rua Red South Dublin Arts Centre / Scoil Mhuire, Ennistymon, Co. Clare / Youth and Education Service (YES) for Refugees & Migrants, Dublin / St Attracta's Community School, Tubbercurry, Co. Sligo / Step by Step Child and Family Project, Dublin / Stoneybatter Youth Service, Dublin / Studio Suss / TU Dublin / Youth group, National Museum of Ireland – Country Life

ISBN: 9781914470059

is mui

is muid údair ár scéalta féin

# Anthony Haughey

Taispeántas
Ealaíontóra Chonaithigh
Deich mBliana na gCuimhneachán

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Cuid lárnach de chónaitheacht Anthony Haughey ar Dheich mBliana na gCuimhneachán in Ard-Mhúsaem na hÉireann is ea ceist a chuireann sé: 'Cén chuma atá ar chultúr agus ar fhéiniúlacht na hÉireann céad bliain i ndiaidh bhunú an stáit?' Mar ealaíontóir atá tiomanta don éagothroime a cheistiú trí phlé le daoine eile, dírítear an cheist sin gan amhras ar dhaoine, orthu siúd a thugann cuairt ar an Músaem, orthu siúd nach dtugann cuairt air b'fhéidir, agus ar an méid a d'fhéadfadh réimse teagmhála níos leithne a nochtadh.

Trí chomhoibriú le níos mó ná 500 duine, déanann Haughey na línte idir léiriú ealaíne, pobail, bailiúcháin náisiúnta, agus an pobal a dhoiléiriú go tairbheach agus déantar iad a athmhúnlú sa ghailearaí mar bhratacha, cartlanna, dealbhóireacht neoin, gúnadóireacht agus scannánaíocht. Ó fhorógra a chuir daoine óga i dtoll a chéile ina ndearbhaítear cad ba cheart a bheith i gceist le hÉirinn aontaithe do ghrúpa ban Éireannach Afracach a bhfuil déantúsáin óna gcultúir bhunaidh á n-athshuí acu i gcartlann Eitneagrafaíochta an Mhúsaeim, nocht Haughey an síorathrú sóisialta agus bheith mar oileán a dtugann daonra atá éagsúil ó thaobh eitneagrafaíochta agus creidimh de a mbaile air. Agus é spraíúil, gníomhúil, fóiréinseach agus dóchasach, osclaíonn próiseas fiosrúcháin Haughey lena mbaineann gleic shóisialta amach i dtreo acmhainneacht músaeim arna léiriú trí rannpháirtíocht an phobail a mholadh.

Tá dlúthbhaint idir bunú an mhúsaeim agus an Stáit, agus léirítear le bailiúchán an Ard-Mhúsaeim stair na hÉireann ina bhfuil an choilíneacht fite fuaite agus an briseadh foréigneach ar son an neamhspleáchais. Ba mhaith linn go linn go léireofar ár bhféiniúlacht agus ár gcultúr inár músaeim agus





inár n-institiúidí cultúrtha, agus cuireann Haughey in iúl go soiléir gur obair atá ar siúl againn is é 'muid' i gcónaí. Agus an taispeántas á thabhairt chun críche, bhí sráideanna Bhaile Átha Cliath agus ionaid dídeanaithe ar fud na hÉireann á gcur trí thine ag gríosóirí. Tá sé ag éirí níos práinní aird a thabhairt don ráiteas neoin atá ann i gcónaí atá molta ag daoine óga in *is muid údair ár scéalta féin* (2023). Tairgeann sé spreagadh ríthábhachtach chun teacht le céile, plé a dhéanamh agus gníomhú le chéile i dtreo na sochaí a theastaíonn uainn.

Leis an taispeántas, tugtar chun suntais an tábhacht a bhaineann le cuireadh a thabhairt d'ealaíontóirí comhaimseartha isteach inár n-institiúidí cultúrtha chun rudaí a nochtadh, a athchumadh agus dul ina mbun ar bhealaí lena dtugtar deis dúinn athmhachnamh a dhéanamh ar cé muid féin. In *Cuimhnigh Dearmad a Dhéanamh ar an Am atá Caite* (2024), Lauretta Igbosonu gabhtar an acmhainneacht: 'Ceapaim go bhfuil músaeim ina n-áiteanna brónacha. Tá sé cosúil le cuairt a thabhairt ar reilig nó ar fhothracha ón ré impiriúil ina dtagann stair agus cuimhní cinn le chéile. Ach cosúil le haiséirí as an luaith ar nós an fhéinics, is áit é freisin atá lán le deiseanna spreagúla inar féidir linn ár stair féin a athshamhlú agus a fháil ar ais.' An dóigh a mbunaímid ár n-institiúidí, lena n-áirítear músaeim, is é sin an dóigh a mbunaímid muid féin. Le taispeántas Haughey agus na gcomhoibrithe, cuirtear Ard-Mhúsaem na hÉireann i láthair mar áit theagmhála, spás amhantrach ina bhfuil ár dtuiscint ar 'muid' fánach, athléimneach, foirmithe agus láidir.

**Maolíosa Boyle agus Jonathan Cummins**
Coimeádaithe taispeántas

# Clár an ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 04 |
| Teachtaireacht ón Aire Catherine Martin TD | 16 |
| Áit Tearmainn agus Iontais | 18 |
| *is muid údair ár scéalta féin* — Ráiteas Ealaíontóra | 20 |
| Crá don Mhúsaem: Ceanntréine Cartlainne Anthony Haughey | 23 |
| **Saothair ealaíne** | 29 |
| **Plean urláir** | 38 |






Doiciméadú an Phróisis Táirgthe, *Gúna do Ramlah* 2023



Doiciméadú an Phróisis Táirgthe, *Gúna do Akunma* 2021



Stadán Scannáin, *Cuimhnigh Dearmad a Dhéanamh ar an Am atá Caite* 2024
An Nigéir Masc Cré-umha, Beinin (a baineadh as Ríocht Bheinin in 1897) (AE:1907.403)

Léiriú: Prophecy Films





*Bratach d'Éirinn* 2021, dearadh bratach, Anthony Haughey



Victoria Doyeni, *Tionól na nÓg*, 2023, grianghraf: Brian Cregan




Doiciméadú an Phróisis Táirgthe, *is muid údair ár scéalta féin* 2022

# Teachtaireacht ón Aire Catherine Martin, TD

Táimid díreach i ndiaidh an chéim dheireanach (2021–2023) de Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023 a thabhairt chun críche agus ceann de na príomhchuspóirí a bhí agam don chlár ná méadú a dhéanamh ar an bhfócas ar iarrachtaí ealaíonta agus cruthaitheacha ina ról ríthábhachtach maidir le machnamh, iniúchadh agus díospóireacht a spreagadh thar an tréimhse stairiúil. Ba é an aidhm a bhí agam tacaíocht a thabhairt do dhaoine ó gach traidisiún saincheisteanna agus imeachtaí stairiúla tábhachtacha a cheistiú agus a bhreithniú, cuid acu a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach agus deacair fós dár sochaí sa lá atá inniu ann.

Dá réir sin, d'fhorbair mo Roinn scéim Ealaíontóirí Cónaithe faoi Shnáithe um Shamhlaíocht Chruthaitheach an Chláir, le cúig institiúid chomhpháirtíochta chun rannpháirtíocht an phobail sa Chlár agus leis na hinstitiúidí sin a spreagadh, ag tabhairt cuid dár mbunábhar saibhre bunábhar os comhair an phobail ar bhealaí samhlaíocha.

Bhí an t-ealaíontóir Anthony Haughey i mbun cónaitheacht chomhoibríoch agus shóisialta ó 2021 – 2023 in Ard-Mhúsaem na hÉireann, agus inspioráid á fáil aige ó bhailiúcháin an Mhúsaeim, mar a bhaineann siad le Deich mBliana na gCuimhneachán agus ag críochnú lena thaispeántas *is muid údair ár scéalta féin*, a bhfuil sé beartaithe é a chur ar taispeáint ag Dún Uí Choileáin Feabhra — Meitheamh 2024.





Sonraím go raibh an chónaitheacht ina cuid lárnach de chlár an Mhúsaeim do bhlianta deiridh Deich mBliana na gCuimhneachán; Rinne Anthony iniúchadh ar an dóigh ar ardaíodh ceisteanna tábhachtacha leis na 'Deich mBliana' maidir leis an dóigh a dtuigimid na féiniúlachtaí cultúrtha atá ag teacht chun cinn agus an dóigh a gcuimsímid iad.

Le linn a chónaitheachta, d'oibrigh Anthony le níos mó ná 500 rannpháirtí ó phobail ó gach cearn d'Éirinn. Cuirim fáilte roimh an gclár poiblí cainteanna agus ceardlann atá le bheith ar siúl thar thréimhse an taispeántais, agus roimh an mórchomhdháil a bheidh ann. Déanfar iniúchadh iontu sin go léir ar ról an ealaíontóra i gcomhthéacsanna an mhúsaeim. Beidh spás sa taispeántas freisin inar féidir le cuairteoirí plé le ceisteanna a tháinig chun cinn le linn chónaitheacht an ealaíontóra le dhá bhliain anuas, iad a iniúchadh agus freagairt orthu — tá gach ceann de na gnéithe i gcroílár ár gcuspóirí do shnáithe samhlaíochta cruthaitheach an ealaíontóra chlár Deich mBliana na gCuimhneachán.

Tugaim moladh do Anthony, dá chomhoibrithe go léir agus d'Ard-Mhúsaem na hÉireann as a gcuid oibre ar an gcónaitheacht agus as an toradh is mealltaí agus is machnamhaí seo agus táim cinnte go nglacfaidh éagsúlacht mhór cuairteoirí chuig Dún Uí Choileáin ar feadh na tíre leis an obair thar na míonna amach romhainn.

**Catherine Martin, TD**
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

# Áit Tearmainn agus Iontais

Tá an coincheap gur áit tearmainn agus iontais é ina chuid lárnach d'fhís straitéiseach nua an Mhúsaeim. Laistigh den smaoineamh sin tá tuiscint go bhfuil freagracht ar Ard-Mhúsaem na hÉireann as ár mBailiúchán Náisiúnta a shealbhú, aire a thabhairt dó agus é a léirmhíniú. Is ról é sin atá i gcroílár a bhfuil i gceist linn, agus is é is bonn linn. Cinnteoimid go mbeidh tú ábalta teacht isteach sa Mhúsaem i gcónaí agus féachaint ar na réada íocónacha a léiríonn tréimhsí tábhachtacha dár stair, Agus fós féin, ba mhaith linn iontas a chur ar an músaem, ba mhaith linn cur isteach ar an músaem agus, mar a deir an t-ealaíontóir Gregory Sholette ina aiste, 'cur as don mhúsaem'.

Le saothar Anthony Haughey, agus go háirithe a chleachtas sóisialta, cuirtear dúshlán ar an Músaem smaoineamh ar a ábharthacht sa lá atá inniu ann. Iarrann sé orainn machnamh a dhéanamh ar conas is féidir lenár mbailiúchán féiniúlachtaí éagsúla a léiriú. Iarrann sé orainn freisin conas a bhunaítear insintí ar leith don todhchaí le cad a roghnaímid a bhailiú agus leis an dóigh a ndéantar é a dhoiciméadú agus a léirmhíniú. Tugtar faoi deara i saothar Anthony an dóigh ar fhág féiniúlachtaí ceannasacha, arbh féiniúlachtaí daoine geala, fireanna agus Eoralárnacha iad, eolas dúchasach agus oidhreacht chultúrtha ar lár laistigh dár mbailiúcháin. Nochtann





sé próiseas cruthaitheach agus muid ag samhlú deiseanna de réada agus de dhéantúsáin nua, bíodh siad ina dteicstílí nó ina mbratacha, a léiríonn níos cruinne na féiniúlachtaí iomadúla forluiteacha laistigh dár bpobail.

Mar Ard-Mhúsaem, tá spás tairseachúil á áitiú againn, ceann atá ina chuid den Stát agus atá ábalta dúshlán a chur, rudaí a cheistiú agus bheith rannpháirteach — is rud luachmhar é sin agus léirítear leis an taispeántas *is muid údair ár scéalta féin* conas, trí spás a chur ar fáil d'ealaíontóirí chun oibriú lenár n-eagraíocht agus lenár mbailiúchán, is féidir áit a dhéanamh dínn a bhaineann le tearmann agus iontas ach níos tábhachtaí fós, áit atá níos ábhartha agus níos rannpháirtí leis na pobail go léir a bhfreastalaímid orthu.

**Lynn Scarff**
Stiúrthóir, Ard-Mhúsaem na hÉireann

# *is muid údair ár scéalta féin*

— Ráiteas Ealaíontóra

Thosaigh mo chónaitheacht ealaíontóra in 2021 nuair a bhunaigh mé stiúideo in Ard-Mhúsaem na hÉireann — Na hEalaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, a ceapadh mar shaotharlann foghlama ina raibh comhchruthú saothar ealaíne mar thoradh ar chomhráite dinimiciúla, ceardlanna agus próisis ealaíne seala ama lena léirítear am spreagúil athraithe in Éirinn. Le bailiúcháin an Mhúsaeim, nochtar stair na hÉireann mar thír choilínithe a bhí tarraingthe isteach in Impireacht na Breataine agus a streachailt réabhlóideach ar son an neamhspleáchais, rud a léiríonn féiniúlachtaí cultúrtha agus náisiúntacht. Togra lárnach le linn mo chónaitheachta ba ea breathnú ar Ard-Mhúsaem na hÉireann mar shuíomh féideartha a bhféadfaí athrú sóisialta a dhéanamh air. Ba dheis spreagúil í an chónaitheacht chun comhráite cultúrtha éagsúla a chruthú a raibh saothair ealaíne suite laistigh de nasc stairiúil comhaimseartha, crosbhealach idir stair an na coilíneachta agus an stair na hiarchoilíneachta.

Gúna Éireannach Afracach is ea *Gúna do Akunma* a dearadh agus a rinneadh i gcomhar le Nwanne Diuto, grúpa ban ón Nigéir, agus an leis an ealaíontóir Bláithnaid McClean. Spreagtar comhrá leis an ngúna faoi athrú sóisialta in Éirinn, i gcás ina bhfuil féiniúlachtaí cultúrtha á n-athrú trí phróiseas hibridithe, ar chuir Homi Bhabha síos air mar aisiompú ar an bhforlámhas





coilíneachta[1]. Léirítear in go leor de na bailiúcháin sa Mhúsaem stair choilíniú Eorpach na hAfraice, an t-ábhar sa chomhoibriú is déanaí a rinne mé, sraith de chainteanna ar an iarchoilíneacht a idirghabháladh trí dhéantúsáin a roghnaigh rannpháirtithe ón tSúdáin, ón Afraic Theas agus ón Nigéir ón mbailiúchán eitneagrafaíochta. Sa ghearrscannán a bhí mar thoradh air sin, Cuimhnigh *Dearmad a Dhéanamh ar an Am atá Caite*, déanann trí bhanscéalaí iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag scáth na coilíneachta sa naoú haois déag ar a saol sa lá atá inniu ann.

Tá breis agus 300 bratach in *Bratach d'Éirinn* a léiríodh le linn sraith ceardlann faoi stiúir ealaíontóirí inar tháinig rannpháirtithe le chéile chun bratach náisiúnta na hÉireann a athdhearadh agus chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir le hÉirinn glacadh le poblacht ina dtugtar aitheantas do dhaoine ó gach traidisiún agus ó gach cultúr. I gclár comhchosúil, tá *Tionól na nÓg*, suiteáil físeáin ina dtaifeadtar fóram uile-oileáin de dhaoine idir cúig bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois atá ag plé le daonlathas dioscúrsach ina bpléitear saincheisteanna práinneacha atá roimh a nglúin. Tá Forógra mar thoradh ar an bhfóram, forógra ina ndearbhaítear a gcreideamh, a luachanna agus a rún do Phoblacht amach anseo.

Is é an toradh a bheidh ar mo chónaitheacht forshealbhúchán roinnt saothar ealaíne comhléirithe isteach i mbailiúchán buan an Mhúsaeim — an iliomad cultúr ag dul isteach sa Mhúsaem agus á aistriú. Áitítear i dteideal an taispeántais, *is muid údair ár scéalta féin* atá oiriúnaithe ó Karl Marx, go bhfuil páirt lárnach againn i múnlú na scéalta stairiúla. Ba é nuair a fuair mé amach faoin méid a chuir mo sheanathair le Cogadh na Saoirse 1922

(arna taifeadadh sa Bhiúró Staire Míleata) a thug mé chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann agus chuig an gcónaitheacht. An toradh, contanam stairiúil lena ndéantar féiniúlachtaí comhchoiteanna á múnlú i gcónaí agus lena cuirtear bonn eolais fúthu i gcónaí. Sna blianta amach romhainn tabharfaidh Akunma cuairt ar an Ard-Mhúsaem lena mac Kamsi Reign atá ina dhéaga, agus a hiníon, Kosi Anaya. Samhlaigh an t-iontas a bhí orthu nuair fuair siad amach faoin ngúna a rinneadh dá máthair in 2022 — cuid de bhailiúchán buan an Mhúsaeim, saothar ealaíne lena gcuimsítear féiniúlachtaí traschultúrtha go hiomlán agus Éire atá ag athrú.

**Anthony Haughey**

[1] Bhabha, Homi K., 1949-. (2004). *The Location of Culture. London;* New York: Routledge.





**Crá don Mhúsaem:**
Ceanntréine Cartlainne Anthony Haughey

Ar feadh i bhfad níos faide ná deich mbliana, d'fhéach go leor músaeim thraidisiúnta staire ar bhealaí chun a gcuid bailiúchán a athrú d'fhonn braistint d'éagsúlacht níos leithne a léiriú sna réimsí seo a leanas: inscne, rogha gnéasach, eitneacht, cine, agus aicme. Ó Stáit Aontaithe Mheiriceá chun na hEorpa agus níos faide i gcéin, tá ábhair agus réada a fuair músaeim le blianta anuas, uaireanta fiú sna céadta bliain roimhe sin, á gcur i gcomhthéacs go cúramach chun ról na mban, na ndaoine den lucht oibre, an phobail LADTA+ agus na ndaoine nach bhfuil bán ná Anglach a thabhairt chun suntais, chomh maith leo siúd a d'fhulaing leis an mbiogóideacht, leis an gcoilíniú, agus leis an sclábhaíocht. Agus an méid sin á dhéanamh, tá scéalta stairiúla aithnidiúla fréamhaithe i ndearcadh i bhfad níos aonchineálaí á ndíláithriú, nó á gcur faoi lionsa criticiúil. Is tasc dúshlánach é, rud a dhéantar níos deacra fós nuair a roghnaítear téagar an chnuasaigh roimh ré chun scéal iomlán difriúil a insint a thugann suntas de ghnáth d'fhir mhóra, do dhea-ghníomhartha, d'íobairtí móra agus do roinnt uaireanta mórtais aonair, nó go ró-mhinic, uaireanta an chliste. Ach cuirtear bac breise ar choimeádaithe na músaem mar gheall ar a ndílseacht do na sainchuspóirí atá faoina gcúram. Bealach amháin chun dul thart ar shrianta den sórt sin ná cuireadh a thabhairt go ghníomhairí seachtracha teacht chun na hinstitiúide, amhail amharc-ealaíontóirí, ar féidir leo bogadh go neamhshrianta níos faide ná srianta den sórt sin. Cé go dtagann sé sin lena gcuid rioscaí agus buntáistí féin freisin, is bealach oibre thart den sórt sin a thug an t-ealaíontóir Anthony Haughey isteach san Ard-Mhúsaem chun stair na hÉireann a 'chrá' lena thionscadal, *is muid údair ár scéalta féin.*

Fréamhaithe i gcuimhne chomh maith leis an ndearmad, fiosraíonn tírdhreach ealaíne Haughey cad atá eolach, de réir cosúlachta ar dtús, mura bhfuil sé doshéanta go stairiúil. Is é seo an cur chuige a bhí aige ar feadh tamaill maith. Tóg mar shampla an taispeántas B*eyond The Pale–The Art of Revolution* ag Highlanes Gallery, Droichead Átha in 2016. Thar na meáin ón bhfocal scríofa agus ó chartlanna stairiúla, go dtí ealaín suiteála agus grianghrafadóireacht chomhaimseartha, rinne tionscadal olleagráin Haughey iniúchadh ar an tráth is suntasaí agus is cáiliúla, b'fhéidir, roimh dhíchoilíniú agus neamhspleáchas na hÉireann: Éirí Amach na Cásca 1916. Céad bliain ina dhiaidh sin, thaispeáin Haughey agus a fhoireann macasamhla de phóstaeir seanré do sheasaimh ar son agus in aghaidh an Rialtais Dúchais araon agus iad ag cur síos ar phríomhimeachtaí ó fhorghabháil Ard-Oifig an Phoist, go dtí léamh Fhorógra na Poblachta ag Pádraig Mac Piarais, na laethanta sular cuireadh chun báis é i dteannta seisear sínitheoirí eile, ag ceannasaithe míleata na Breataine ag Príosún Chill Mhaighneann. Tá sé ar fad ansin in *Beyond The Pale*. Agus ar dtús, tá an stair ghaisciúil, mar atá curtha de ghlanmheabhair ag gach leanbh Éireannach, slán, agus gach rud in ord dealraitheach. Ansin, cuirtear as do chúrsaí.

Tosaíonn sé le rud éigin iontach deacair freagra beacht a fháil air, rud a chuireann isteach ar ár mbrionglóid shlán, a fuaireamar ónár n-oidhreacht. I ndáiríre, tá sé ar fad ró-soiléir, ach imíonn sé ar dhaoine. Conas ar éirigh leis sin imeacht orainn? Baineann an cur isteach le hainmneacha agus íomhánna roinnt ban, lena n-áirítear Elizabeth O'Farrell, a sheol teachtaireachtaí trí Bhaile Átha Cliath a bhí lán le piléar do Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann le linn an Éirí Amach. Agus, mar altra oilte, thug sí aire do na daoine a goineadh,





James Connolly ina measc. Ach fágtar íomhá O'Farrell ar lár níos déanaí ón saol stairiúil. Scriostar a láithreacht ó ghrianghraf íocónach den Phiarsach ag géilleadh don Bhriogáidire-Ghinearál Briotanach William Lowe. I bhfocail eile, bhí sí ann agus ansin púf agus bhí sí imithe. Cuireann Haughey agus an fhoireann O'Farrell ar ais in íomhánna stairiúil an náisiúin, in éineacht leis an seoltóir, an sufragóir, agus ceardchumannaí Margaret Skinnider, mar dhuine a bhí ar fheabhas ag scaoileadh urchar, a bhí armtha le piostal le linn fhorghabháil Ard-Oifig an Phoist. O'Farrell agus Skinnider, mar aon le go leor mná radacaithe eile a bhí riachtanach do bhunú na hÉireann sa lá atá inniu ann, cuireann siad iad féin laistigh de shuíomh an mhúsaeim agus Haughey, Cooke agus Ruane á n-aiséirí ó mhairbh go athsiduam hiarmhar stuama diongbháilte.

Cibé aistear éasca a shíleamar a bheith ann den chéad uair taobh istigh den mhúsaem, tá sé sin cráite anois ag filleadh na fírinne ábhartha nach bhfuil faoi chois san am i láthair a thuilleadh. Meabhraítear dúinn an teoiricí Gearmánach Walter Benjamin ó thús an 20ú haois, smaointeoir cráite a bhíonn mar thagairt mhinic ag Haughey, ní nach ionadh. In aiste 1931 ó Benjamin, 'A Short History of Photography', áitíonn sé nach bhfuil i bportráid ghrianghrafadóireachta ach doiciméad de chuid nóiméad nó duine ar leith, ach gur teachtaireacht í freisin ón am atá thart i bhfoirm achainí i dtreo an lae inniu.[1] Deir sé freisin nach féidir a tarraingt a chur ina tost mar go n-éilíonn sí 'go misniúil ainm an té a bhí ann ag an am, agus, más fíor fiú anois é, nach ngéillfidh sí í féin go hiomlán don ealaín'.[2] Tá saothar Haughey fréamhaithe sa diúltú sin go beacht. An leisce a bheith ina ealaín simplí ina measc, amhras a fuair Haughey ó Choincheapachas na 1960idí, is dócha. Idir an dá linn, is iad an

t-ealaíontóir, agus a chomhoibrithe, idir bheo agus mharbh, a bhíonn i gcroílár an tarchuir. Agus cosúil le maighnéatrón stairiúil, lasann an friotóir stuama seo tionscadail Haughey go dtí go lasann siad san am atá inniu ann, nó *Jetzizeit* mar a thugann Benjamin air. Idir an dá linn, is é an t-ealaíontóir a fheidhmíonn mar eitre trína dtaistealaíonn an cheanntréine mar tharchur cultúrtha luchtaithe. Is fórsa é nach féidir a ghiniúint i d'aonar. Agus muid tógtha anuas go dtí an lá atá inniu ann, agus chuig cuireadh Anthony Haughey, tar éis glao oscailte a thabhairt do na healaíontóirí Éireannacha ar fad, gur bhunaigh sé siopa laistigh de ghailearaithe Ard-Mhúsaem na hÉireann. Leis an iliomad sealúchais agus láithreacha, clúdaíonn an institiúid aonair seo Stair an Dúlra, Seandálaíocht, Saol na Tuaithe, Stair Mhíleata, agus cuimsíonn sé caomhnú Dhún Uí Choileáin laistigh dá sciathán Maisiúil Ealaíon agus Staire. Cuireadh tús le *is muid údair ár scéalta féin* in 2021, le linn bhliain chomóradh céad bliain de chríochdheighilt na hÉireann ina rannáin iar-choilínithe agus ina rannáin atá fós coilínithe. Go mór mór, tháinig an tionscadal chun críche céad bliain tar éis dheireadh an Chogaidh Chathartha 1923, rud a luann Haughey féin, gan cumha, ach é ag súil le gealltanais san am atá caite atá fós le comhlíonadh. Le trí bliana anuas tá an t-ealaíontóir agus a chuid comhoibrithe tar éis cartlann ollmhór de réada, íomhánna agus oidhreacht ábharach an Mhúsaeim a athshamhlú faoin rúibric, *is muid údair ár scéalta féin*, casadh dí-fhirinscneach ar fhoirmiú aitheanta Karl Marx, 'déanann fir a stair féin, ach ní dhéanann siad amhlaidh mar is mian leo'.[3] Is ón iliomad foinsí a thagann inspioráid don athrú seo ar an nath cainte, lena n-áirítear an t-athrú thuasluaite i gcleachtas coimeádaíochta, ach freisin ó staraithe mná amhailSinéad McCoole, agus Síobhra Aiken a rinne athbhreithniú ar an mona-





chultúr fireann, bán agus Caitliceach de stair na hÉireann. Agus cén áit níos fearr chun an scéal seo a athinsint ná taobh istigh de shuíomh phríomh-mhúsaem oidhreachta na tíre?

I gcomhar le himircigh ón Afraic, ar náisiúnaigh de chuid na hÉireann anois iad, le Lauretta Igbosonu, Rita Petlane, agus Leina Ibnouf ina measc, tá cuspóir ealaíne Haughey dírithe i dtreo na todhchaí. Léiríonn *is muid údair ár scéalta féin*, a insíonn sé dúinn, tráth a thógfar na blianta amach romhainn ón lá inniu nuair a théann leanaí na gcomhoibrithe seo isteach san Ard-Mhúsaem, agus iad ag tabhairt cuairt ar an saothar a chruthaigh a dtuismitheoirí ar taispeáint agus iad ann. Feiceann siad gúna déanta le Akunma agus Ramlah, chomh maith leis na bratacha athbhreithnithe déanta ag daoine óga tríd an iliomad féiniúlachtaí a ionchorprú i siombalachas athbhreithnithe. Léigh siad ainmneacha d'os cionn céad comhoibrí a bhí mar Chomhthionól na nÓg agus tagann siad le Haughey chun a dhearbhú, 'is gá an ciúnas a shárú' agus iad ag fiafraí 'an té a bhfuil rochtain aige/aici ar an músaem, an té a fhaigheann smacht ar an scéal, ní mór é sin go léir a bheith curtha as freisin.[4] Ach beidh sé sin ar siúl in Éirinn atá an-difriúil, Éire a mbeidh éileamh an-difriúil aici ar an am atá caite, chomh maith lena hidéil chothromaíochta nár baineadh amach mar a shamhlaíodh sa bhforógra Poblachtach 1916 a bhfuil spléachadh chomh hachomair uirthi.

Is é an rud a d'fhéadfadh a bheith ann ar deireadh, mar sin, de bharr strainséir idirghabhálach a bheith tugtha isteach sa mhúsaem ná athléiriú a dhéanamh ar bhailiúcháin atá ann cheana féin ag baint úsáid as uirlisí ionchuir ealaíonta. Áirítear leis sin, sracfhéachaint a thabhairt ar chomhiomlán

na ndéantán ábharach, na n-íomhánna agus na gcartlann a fuarthas le hoidhreacht chun sraith ath-léamha nua, uaireanta contrártha, agus uaireanta fiú aisteacha, den mhúsaem féin a chruthú. Déanann *is muid údair ár scéalta féin* de chuid Anthony Haughey é sin díreach trí úsáid a bhaint as trí chur chuige ar leith lena n-áirítear úsáid na n-ábhar gan choinne, agus idirghabhálacha suíomh-shonracha a tharraingíonn aird ar scéalta na dtaispeántas atá ann cheana féin, agus ní dhéanfar sin trí líonadh isteach sonraí stairiúla atá in easnamh, ach trí aird a dhíriú ar na neamhláithreachtaí. Agus ar deireadh, tá Haughey páirteach i gcomhoibriú láidir le grúpaí agus daoine aonair eile a bhfuil baint acu leis an mbealach a léirítear an t-am atá thart, ach a fágadh as an áireamh. Chun an t-ealaíontóir a lua arís maidir leis an gcaoi a dtugann an t-am atá thart eolas don am i láthair agus don todhchaí, 'is muid an t-amhábhar' a áitíonn Haughey, ag cur leis 'níl muid taobh amuigh den stair, níl muid scartha ón stair, tá níos mó cumhachta againn ná mar is mian linn smaoineamh faoi'.[5]
Is é sin le rá, cé go ndéanaimid ár stair féin, ní féidir linn í a dhéanamh díreach mar is mian linn. Is léir go bhfuil dhá taobh le ceanntréine na staire agus institiúidí, rudaí agus ábhar.

**Gregory Sholette**
Eanáir 2024

[1] Walter Benjamin. 'A Short History of Photography,' in Screen Magazine, xiii, uimh. i (1972) lgh 5-26.
[2] Ibid.
[3] Karl Marx, The eighteenth brumaire of Louis Bonaparte (International Publishers, 1926).
[4] Agallamh le Anthony Haughey (12 Nollaig 2023).
[5] Ibid.





## 1 Cuimhnigh Dearmad a Dhéanamh ar an Am atá Caite 2024

Físeán aon chainéil le fuaim, fad: 21 nóiméad, 52 soicind.

D'oibrigh Anthony Haughey agus Aoife O'Brien, Coimeádaí Ard-Mhúsaem na hÉireann, le Leina Ibnouf, Lauretta Igbosonu agus Rita Petlane, a roghnaigh déantúsáin stairiúla ó bhailiúcháin Eitneagrafaíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann, agus roghnaigh siad réada a bhfuil brí ar leith leo maidir lena stair phearsanta. Arna scannánú i stóras Bhailiúcháin Eitneagrafachta Ard-Mhúsaem na hÉireann, fiosraíonn na scéalaithe ón tSúdáin, ón Afraic Theas, agus ón Nigéir an dóigh ar múnlaíodh a saol sa naoú haois déag agus san fhichiú haois le scáth na coilíneachta.

**Déantúsáin a Roghnaíodh Ó Bhailiúcháin Eitneagrafaíochta Ard-Mhúsaem na hÉireann**

An Afraic Theas: Deirtear go raibh Maide Siúil a shnoigh Xhosa Chief Maqoma le linn a phríosúnachta ar Oileán Robben, an áit a bhfuair sé bás sa bhliain 1873 (AE:1880.1440)
An Afraic Theas: Zulu Club (Knobkerrie) an cloigeann ag tolladh amach chun snaoisín a choinneáil ann (1894) (AE:1894.539)
An Afraic Theas: Throwing Spear (1906) (AE:1906.90)
An Afraic Theas: Lebanta Langata – Sangomas Diviners Belt, Mohale's Hoek, Lesotho (1987) (AE:L.1987.8)
An Nigéir: Masc Cré-umha, Beinin (a baineadh as Ríocht Bheinin in 1897) (AE:1907.403)
An Nigéir: Fíor Práis, Beinin (AE:L.1934.3)
An Nigéir: Fíor Íbise (a baineadh as Ríocht Bheinin in 1897) (AE:1907.407)
An Nigéir: Cloigín Móideach Práis (a baineadh as Ríocht Bheinin in

1897) (AE:1898.192)
An tSúdáin: Tabac, tráidire bia fite agus clúdach (1909) (AE:1909.276 agus AE:1909.277)
An tSúdáin: Jibba (léine) (thart ar 1898) (AE:L.1071.1)
An tSúdáin: Sword Kaskara ar a bhfuil téacs Araibise inscríofa (1895) (AE:1895.145.a)
An tSúdáin: Bráisléad Airgid ar a bhfuil clocha leathlómhara (1883) (AE: 1888.1226)

Léiriú: Prophecy Films

## 2 Tionól na nÓg 2023

Suiteáil físe HD cúig chainéil le fuaim, fad: 6 uair an chloig, 54 nóiméad.

D'oibrigh Anthony Haughey le mic léinn agus múinteoirí ó Choláiste Chaladh an Treoigh, Contae Luimnigh, Coláiste Feirste, Béal Feirste, Pobalscoil an tSeanbhábhúin, Tamhlacht, Contae Átha Cliath, Scoil Mhuire, Contae an Chláir, agus Pobalscoil Naomh Athrachta, Tobar an Choire, Contae Shligigh. Trí shraith ceardlann thug an t-ealaíontóir tacaíocht do níos mó ná 90 duine óg chun polasaithe a fhorbairt a d'achtóidís d'Éirinn amach anseo. I ndiaidh na gceardlann chuir siad a gcuid moltaí i láthair ag léiriú poiblí beo trí lá sa Seomra Ceirmeachta in Ard-Mhúsaem na hÉireann — Seandálaíocht, Sráid Chill Dara. Tá athshondas sa Seomra Ceirmeachta don tionscadal sa mhéid is gur shuigh an Seanad anseo idir 2017 agus 2019 fad is a raibh athchóiriú á dhéanamh ar Seomraí an tSeanaid i dTeach Laighean.

Léiriú: Prophecy Films.





## 3 Gúna do Akunma 2021

Dúch lí ar fhabraic chadáis, eagrán #1 de 3.

Comhoibriú leis an nGrúpa Ban Nwanne Diuto, leis an ealaíontóir Bláithnaid McClean, leis an ngúnadóir Grace Emuaga agus le Anthony Haughey.

An toradh ar shraith ceardlann agus taighde trasnáisiúnta lena dtugtar cultúir na hÉireann agus na Nigéire le chéile. Le dearadh an ghúna, ceanglaítear Ogham na hÉireann ársa agus siombailí Ceilteach le Nsibidi, script idéagrafach 2000 RCR atá dúchasach do mhuintir Ejagham in oirdheisceart na Nigéire.

## 4 Gúna do Ramlah 2023

Dúch lí ar fhabraic chadáis, eagrán #1 de 3.
Éadaí amuigh ar a bhfuil cochall, dúch lí ar pholastról, eagrán # 1 de 3.

Comhoibriú idir Leina Ibnouf, Rita Petlane, an t-ealaíontóir Bláithnaid McClean agus Anthony Haughey.

Dearadh fabraic lámhdhéanta — an toradh ar shraith ceardlann agus taighde trasnáisiúnta, lena dtugtar cultúir na hÉireann, na hAfraice Theas agus na Súdáine le chéile.

## 5 Bratach d'Éirinn 2021-2023

Cairt bratach shoghluaiste phéinteáilte de chruach, cuaillí brataí de chruach dhosmálta, 40 bratach, bratacha crochta ingearacha agus cúig imleabhar leabhar uimhrithe, innéacs de 306 dearadh brataí.

Saothar ealaíne rannpháirteach a cruthaíodh trí shraith ceardlann faoi stiúir ealaíontóirí le daoine aonair agus le grúpaí pobail ar fud na hÉireann chun bratach na hÉireann amach anseo a dhearadh.

## 6 Tábla Thionól na nÓg 2023

Tábla cóimeála arna dhearadh ag ealaíontóir, MDF agus alúmanam, téacsanna vinile, líníochtaí agus téacsanna dúigh.

Ghlac baill an Tionóil, staraithe agus tráchtairí cultúrtha lena n-áirítear an scríbhneoir agus fear grinn Martin Beanz Warde, an Dr Síobhra Aiken, an tOllamh Laura McAtackney, Flor McCarthy, agus an Dr Cormac Moore páirt i *dTionól na nÓg*. An toradh, Forógra do thodhchaí na hÉireann. Scríobh agus tharraing baill an Tionóil machnamh ar an tábla le linn imeachtaí.





## 7 Ráitis Tionól na nÓg 2023

Físeán le fuaim, fad: 17 nóiméad, 47 soicind, Fráma 'A' soghluaiste cruach péinteáilte, agus plionta teilgeora.

Machnamh i ndiaidh an Tionóil.
Léiriú: Prophecy Films.

## 8 is muid údair ár scéalta féin 2022/2024

Neon aicrileach, alúmanam, gloine, buí agus ómra.

Comhoibriú idir Anthony Haughey agus grúpaí óige i mBóthar na gCloch, i dtuaisceart lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus ó Bhéal an Átha, Maigh Eo. Ar toradh ar shraith ceardlann faoi stiúir ealaíontóirí ina bhfiosraítear conas, agus cé dó a scríobhtar stair. Rinne rannpháirtithe sliocht de chuid Karl Marx a dhí- fhireannú agus a scríobh de láimh, rannpháirtithe a chuir tús le maíomh cumhachtach dá róil aonair agus dá róil chomhchoiteanna maidir le hamhábhar a sholáthar do stair na todhchaí atá fós le scríobh.
Neon arna tháirgeadh ag Dublin Neon.

## 9 Forógra Thionól na nÓg 2023

Forógra dátheangach scagphriontáilte, eagrán fiche.

Arna scríobh ag baill de Thionól na nÓg i gcomhar le Anthony Haughey, clóite i gCeardlann Cló Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Vita Ryan agus Anthony Haughey le tacaíocht theicniúil ó Anthony Collins.

## 10 Baill de Thionól na nÓg 2023

88 scairdprionta Hahnemühle dubh agus bán feistithe ar Dibond, grianghraif le Brian Cregan.

Baill Tionóil ó Choláiste Chaladh an Treoigh, Contae Luimnigh, Coláiste Feirste, Béal Feirste, Pobalscoil an tSeanbhábhúin, Tamhlacht, Contae Átha Cliath, Scoil Mhuire, Contae an Chláir, agus Pobalscoil Naomh Athrachta, Contae Shligigh a tógadh le linn Thionóil na nÓg, 29 – 31 Márta 2023.



Trí chartlanna agus trí bhailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann a oscailt do phobail a bhfuil éagsúlacht chultúrtha ag baint leo, is féidir linn go léir foghlaim faoi chultúir éagsúla, meas a bheith againn orthu agus iad a cheiliúradh le chéile. Cuireann sé cuimsitheacht agus tuiscint níos fearr chun cinn i ndomhan casta ina bhfuil féiniúlachtaí cultúrtha atá ag saorathrú. Trí fhoghlaim faoi shaol agus faoi chultúir shaibhre a chéile, cothaítear leigheas agus muinín i bheith mar chuid d'Éirinn nua.

Leina Ibnouf, Lauretta Igbosonu, Rita Petlane, comhoibrithe le Anthony Haughey agus leis an gcoimeádaí Aoife O'Brien ar *Cuimhnigh Dearmad a Dhéanamh ar an Am atá Caite*, 2024